







Gníomhbhriathra T1: Eochair



Cumas Cumarsáide

Feasacht Teanga agus Chultúrtha






Féinfheasacht an Fhoghlaimeora











Gníomhbhriathra bunúsacha atá riachtanach don chumarsáid ranga

Gníomhbhriathar (Samplaí de na Torthaí Foghlama)	Sainmhíniú	Samplaí sa chaint
Abair le 	<ol style="list-style-type: none"> 1. Focail ó bhéal a úsáid. 2. Amhrán a chanadh, a chasadh nó a cheol. 	<i>Abair os ard é! Abair i mo dhiaidh é! Abair arís é!</i>
Aithin  1.3, 1.12, 1.30, 2.2, 2.6, 2.7, 3.1	Eolas nó tuiscint a bheith agat ar rud mar gur tháinig tú air cheana féin. Patrúin, fíricí, sonraí, tréithe nó coincheapa atá riachtanach/ábhartha chun cás nó próiseas a thuiscint.	<i>An aithníonn tú é sin? An bhfuil aithne agat air? Aithníonn ciaróg ciaróg eile.</i>
Ceap	<ol style="list-style-type: none"> 1. Cum (dán, scéal, téacs scríofa nó labhartha). 2. Tuairim a bheith agat. Sí, meas. 3. Na coincheapa nó na hargóintí cuí a chur in iúl. 	<i>Cad a cheapann tú? Ceapaim go bhfuil sé ar dóigh.</i>
Cuir síos	Pictiúr a chumadh i bhfocail. Focail nó léaráid a úsáid chun pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a chruthú.	<i>Déan cur síos ar an duine sin.</i>
Déan 1.24, 2.8, 2.9	Tabhairt faoi ghníomhaíocht. Rud a chur i gcrích. Rud a cheapadh as an nua.	<i>Déan staidéar air sin. Rinne mé taighde ar an ríomhaire aréir.</i>
Éist le  1.1-1.6	Cluas a thabhairt do rud. Aird a thabhairt ar fhuaimneanna ar mhaithe le tuiscint.	<i>Éist le do pháirtí. Éist go cúramach leis na treoracha seo.</i>
Foghlaim	Eolas nua, tuiscint nua nó scil nua a fháil. Ag sealbhú eolais, tuisceana nó scil nua a chuireann leis an gcumas teanga.	<i>Sa rang Gaeilge inné, d'fhoghlaim mé conas cur síos ar dhaoine.</i>
Freagair 1.19, 1.29	Freagra a thabhairt ar cheist.	<i>Freagair na ceisteanna a chuireann Seán.</i>
Iarr ar	Gar a lorg ar dhuine (rud a dhéanamh duit). Mar shampla: "D'iarr sé orm téacs a chur chuige."	<i>Iarr ar Phádraig an nasc a roinnt leat.</i>
Inis do 1.21	Duine a chur ar an eolas faoi am, áit nó scéal.	<i>Inis dom cén aois atá agat. Inis an scéal do Shinéad.</i>
Labhair le  1.14-1.18	Focail, abairtí agus struchtúir na Gaeilge a fhuaimniú agus a rá. Teanga (Gaeilge, Francis, Sínis, Rúisís, Svahaílis) a úsáid ó bhéal.	<i>Labhraíonn sí go soiléir. Labhair an tUachtarán ar an Nuacht aréir.</i>
Léigh  1.7-1.13	Brí a bhaint as téacs scríofa. Ag úsáid straitéisí dí-chóidithe éagsúla. Téacs scríofa a thuiscint ar mhaithe le taitneamh, forbairt scileanna teanga agus ábhar an téacs a thabhairt leat.	<i>Léigh mé scéal suimiúil sa nuachtán. Léigh mé an dán sin.</i>
Pleanáil 	Plean a chur le chéile. Modh nó cur chuige a cheapadh nó a bheartú.	<i>Tá mé ag pleanáil an scéil. Beidh mé i mbun pleanála ar an tionscnamh anocht.</i>









Pléigh  1.13	Smaointe a roinnt maidir le rud. Labhairt le chéile faoi seo, siúd is uile. Tuairimí a chur in iúl agus a roinnt le chéile. Ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí.	Pléigí an cheist seo i bhur ngrúpaí. Bhíomar ag plé an scéil.
Roghnaigh 1.6, 2.8	Rud a phiocadh nuair atá féidearthachtaí eile ann tar éis duit smaoineamh faoi. Rogha a dhéanamh.	Roghnaíomar téacs litríochta sa rang.
Scríobh  1.26-1.32	Téacs a chur ar phár nó a chur i gcló. Téacs ar fhón póca, ar ríomhaire nó ar thaibléad.	Táim ag scríobh litreach. Scríobh mé blag faoin ngearrscannán.
Taispeáin	Léirigh. Mínigh. Cuir in iúl. Rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil.	Taispeáin dom an focal sin arís.
Tuig 1.1, 1.2, 1.4, 1.12, 1.26, 1.29, 2.5, 2.10, 3.8	Brí focail / abairte / ailt / téacs a aithint.	Tuigim anois é, go raibh maith agat!
Úsáid 1.6-1.8, 1.17, 1.24, 1.26-1.28, 1.30-1.32, 2.1, 2.4, 2.6, 3.3, 3.7, 3.8	Leas a bhaint as rud nó eolas/fios le ceist a fhreagairt, fadhb a réiteach nó tacú le do thuairim. Eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh.	Táim ag úsáid foclóra chun na freagraí a fháil.

Gníomhbhriathra eile ó na Torthaí Foghlama

Gníomhbhriathar (Samplaí de na Torthaí Foghlama)	Sainmhíniú	Samplaí sa chaint
Aimsigh  1.11	Faigh amach, téigh sa tóir ar. Teacht ar thuiscint, eolas nó rud tar éis é a chuardach/lorg nó machnamh a dhéanamh air.	Aimsigh brí an fhocail sin san fhoclóir.
Anailísigh  1.7	Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, agus anailís a dhéanamh air. Rud a mhiondealú chun teacht ar an mbunstruchtúr nó chun teacht ar chonclúidí.	An bhfaca tú an painéal ag déanamh anailíse ar an chluiche aréir?
Bain amach 3.7	Rath a bheith ort rud a chur i gcrích. Áit a shroichint.	Bhain mé caighdeán ard amach. Bhain mé ceann scríbe amach.
Beartaigh 3.4	Cinneadh a dhéanamh. Socraigh. Teacht ar réiteach nó ar fhreagra i ndiaidh machnaimh a dhéanamh air.	Ar bheartaigh sibh dul chuig an dráma?
Ceistigh  1.19	Cuir ceist. Bí fiosrach. Déan plé (nó taighde) ar rud le teacht ar thuiscint nua.	Ar cheistigh tú an foinse eolais sin?
Cruthaigh 1.14, 1.26, 1.31	Rud a dhéanamh as an nua. Tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine.	Chruthaigh mé nasc chuig an suíomh sin daoibh.
Cuir i láthair  1.14, 2.8, 2.9	Seasamh agus labhairt os comhair ghrúpa chun smaointe nó taighde a chur in iúl. Tuiscint/tuairim/eolas a roinnt ar bhealach foirmiúil; rud a thabhairt i láthair fóraim phoiblí.	Rinne mé cur i láthair sa rang. Chuir mé mo chuid taighde i láthair ar maidin.
Cuir le chéile  1.22	Rudaí a cheangal le chéile le rud níos mó a dhéanamh nó a chumadh (abairtí, ailt, scéal). Focail, struchtúr, smaointe nó tuairimí a cheangal d'fhonn seasamh/argóint a fhorbairt, a chur in iúl nó a chosaint.	Cuirfidh mé an t-eolas seo leis an réamheolas a bhí agam chun teacht ar chonclúid.

<p>Déan comparáid idir</p>  <p>2.11</p>	<p>Cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá rud nó cás, (ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd).</p>	<p>Déan comparáid idir phopcheol agus cheol traidisiúnta.</p>
<p>Deimhnigh</p>  <p>1.21</p>	<p>Cinntigh, dearbhaigh, cruthaigh. Déan cinnte de rud. Fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis.</p>	<p>Dheimhnigh mé brí an téarma sin as Gaeilge sa bhfoclóir.</p>
<p>Eagraigh</p>  <p>1.28</p>	<ol style="list-style-type: none"> Rud a chur in ord agus in eagar. Rangaigh. Socraigh. Socrúcháin a dhéanamh. Rudaí a shocrú. 	<p>D'eagraigh an múinteoir na fillteáin sin ar líne dúinn.</p>
<p>Fiosraigh</p>  <p>1.9, 1.11, 1.13, 1.19, 2.11</p>	<p>Dul sa tóir ar eolas nó ar thuiscint. Staidéar a dhéanamh, d'fhonn fíricí a chinntiú.</p>	<p>Táim ag fiosrú na bhféidearthachtaí le Liam.</p>
<p>Fuaimnigh</p> <p>1.16</p>	<p>Focail a rá i gceart agus go cruinn. Fuaim fhocail, nath nó abairte a rá nó a fhoghrú mar is ceart agus de réir canúna, mar is cuí.</p>	<p>Fuaimnítear focail ar bhealaí éagsúla sna canúintí éagsúla.</p>
<p>Forbair</p>  <p>1.10, 1.15, 1.18, 1.19, 1.32, 3.1</p>	<p>Cuir le smaoinemh nó le cumas. Fás nó feabhas. Dul chun cinn. Éabhlóidiú. Rud a dhéanamh soiléir nó a leathnú amach ó thaobh sonraí de.</p>	<p>Táim ag forbairt mo chuid scileanna teanga i mbliana.</p>
<p>Idirdhealaigh</p>  <p>1.5, 2.3, 2.7</p>	<p>Na difríochtaí idir dhá rud a thaispeáint. Éagsúlachtaí idir dhá choincheap a dhéanamh soiléir.</p>	<p>Caithfidh Fiachra idirdhealú a dhéanamh idir an dá leabhar a léigh sé.</p>
<p>Idirghníomhaigh</p>  <p>1.19-1.25</p>	<p>Comhrá nádúrtha a choinneáil sa siúl. Cumarsáid nó obair ghrúpa éifeachtach a chur i ngníomh. Ag éisteacht, ag ceistiú agus ag freagairt chun cur leis an gcomhrá.</p>	<p>Bhí mé ag idirghníomhú ar líne le duine ar bhuail mé leis sa Ghaeltacht.</p>
<p>Léirigh</p> <p>1.10, 1.26, 1.29, 2.10, 3.8, 3.9</p>	<p>Samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin nó chun míniú a thabhairt. Taispeáin.</p>	<p>Léiríonn an t-amhrán sin go leor faoin té a cheap.</p>
<p>Machnaigh</p>  <p>2.5</p>	<p>Smaoinigh go cúramach ar rud.</p>	<p>Bhí mé ag machnamh ar an dul chun cinn atá déanta agam.</p>
<p>Measúnaigh</p> <p>3.5</p>	<p>Machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn nó ar easpa dhul chun cinn. Tuiscint a fháil ar an chéad chéim eile sa dhul chun cinn. Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid nó breithiúnas.</p>	<p>Bhí measúnú ar siúl againn ar ár gcuid oibre sa rang inniu. (Piarmheasúnú agus féinmheasúnú).</p>
<p>Mínigh</p> <p>1.21, 1.23</p>	<p>A rá cad is brí le rud. Brí ruda a léiriú. Mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna.</p>	<p>Ar mhiste leat é sin a mhíniú? Mínigh cad is brí leis an nath cainte sin, le do thoil.</p>
<p>Roinn</p>  <p>1.6, 1.11, 1.31, 3.6</p>	<p>Daoine eile a chur ar an eolas. Smaointí/tuairimí a scaipeadh ó bhéal, i scríbhinn, trí idirghníomhú nó ag úsáid TFC, mar is cuí.</p>	<p>Roinn an nasc sin liom, le do thoil, mar tá an físeán sin go hiontach!</p>
<p>Tabhair faoi deara</p>  <p>2.1, 2.3, 2.5, 2.7</p>	<p>Rud nó patrún a fheiceáil agus a aithint.</p>	<p>Tabhair an litriú faoi deara. Ar thug tú faoi deara go bhfuil fada in easnamh ansin?</p>
<p>Tapaigh deis</p> <p>3.3</p>	<p>Leas a bhaint as rud/eolas/cúinsí chun rud a chur i gcrích.</p>	<p>Is maith liom an deis a thapú chun mo chuid Gaeilge a úsáid.</p>

Téigh i bhfeidhm ar 1.23	Tionchar a bheith agat ar rud nó ar dhuine. Úsáid a bhaint as tuairim, argóint nó eiseamláir le daoine a mhealladh chun aontú leat.	<i>Chuaigh an t-amhrán sin go mór i bhfeidhm orm.</i>
---------------------------------	---	--

Gníomhbhriathra eile		
Gníomhbhriathar (Samplaí de na Torthaí Foghlama)	Sainmhíniú	Samplaí sa chaint
Athbhreithnigh 	Athscrúdú a dhéanamh go cúramach, chun tacú nó easaontú. Torthaí a anailísiú chun tuairim a fhorbairt. Súil siar a chaitheamh ar rud éigin d'fhonn cúrsaí a fheabhsú nó a chinntiú.	<i>Rinné mé athbhreithnú ar mo scéal agus chuir mé feabhas air.</i>
Cíor 	Déan mionscrúdú ar rud. Déan plé air.	<i>Chíor mé an téacs ansin.</i>
Cosain	An fód a sheasamh, tacú le do thuairim. Súil ghéar a choinneáil ar rud. Cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid.	<i>Ba bhreá liom an tuairim sin a chosaint.</i>
Cuir in iúl	Taispeáin, nochtaigh, mínigh. Smaoineamh nó tuairim a léiriú go ciallmhar.	<i>Chuir mé mo chuid smaointí in iúl.</i>
Cum 	Cruthaigh téacs. Píosa scríbhneoireachta nó labhartha a cheapadh (dán, scéal, amhrán, caint, óráid).	<i>Chum mé ríomhphost le seoladh chuig mo chara thar lear.</i>
Déan achoimre ar	Scéal gairid a dhéanamh as scéal fada. Príomhsmaointe as téacs fada a chur in alt níos giorra.	<i>A Shéamuis, rinne tú achoimre den scoth ar an ngearrscéal sin!</i>
Dear	Ceap, cruthaigh, dréachtaigh (plean, léaráid, tasc, tionscnamh, patrún).	<i>Dhear muid an léaráid seo chun an patrún a léiriú.</i>
Fiafraigh de	Ceist a chur agus tú ag lorg eolais nó sonraí ar leith.	<i>D'fhiafraigh mé de Róisín cén contae ina bhfuil An Uaimh.</i>
Iníúch	Téacs a scrúdú chun cur le do thuiscint. Anailís, staidéar, nó mionscrúdú a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua.	<i>Rinne mé iníúchadh ar an damáiste a rinneadh aréir.</i>
Meas	1. Ceap, síl (féach <i>Ceap</i> thuas). 2. Smaoineamh ar rud agus teacht ar thuairim faoi.	<i>Measaim go mbeadh sé sin thar barr.</i>
Nocht 	Taispeáin, léirigh. Rud a thabhairt chun solais nach raibh aird á tabhairt air roimhe seo.	<i>Nochtann an gearrscannán sin saol an charachtair sin.</i>
Rangaigh 	Rudaí a chur i ngrúpaí, in aicmí nó i gcatagóirí bunaithe ar thréithe comónta.	<i>Bhí orm na focail go léir a rangú chun pátrún a léiriú.</i>
Samhlaigh 	Rud nó féidearthacht a fheiceáil i d'intinn gan é a bheith os do chomhair.	<i>Samhlaigh na féidearthachtaí ar fad atá ann don tionscamh seo.</i>
Scrúdaigh 	Féachaint go géar ar rud. Rud, argóint nó coincheap a mheas. Rud, argóint, nó coincheap a chíoradh.	<i>Scrúdaigh Neasa an téacs sin.</i>
Tabhair breac-chuntas	Cur síos gairid a dhéanamh ar rud nó ar ní. Achoimre a dhéanamh ar ghnéithe suntasacha ábhair.	<i>Don tasc seo, caithfidimid breac-chuntas a thabhairt ar an dán.</i>
Tabhair buille faoi thuairim	Tomhas a dhéanamh ar rud nó ar fhreagra gan a bheith cinnte an bhfuil an tomhas sin ceart.	<i>Tabhair buille faoi thuairim cad é an freagra!</i>
Táirg 	Rud a chruthú/dhéanamh as an nua. Rud a thabhairt ar an saol trí chumas intleachtach nó cruthaitheach.	<i>Tháirg siad córas nua.</i>